



Cá bhfuil ár dTriall nuair a léimid "An Triail"?

Riona de Búrca





- Moltaí praiticiúla chun an dráma ceannródaíoch *An Triail* a léiriú.

- *An tAmhrán "Siúil a qhrá"*



Mairéad Ní Ghráda (1896-1971)

- **Carlann RTÉ**
- Rugadh í in aice le hInis, Co. An Chláir
- Coláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath
- Cumann na mBan- 1920, príosún
- Múinteoir
- An Chéad bhanchraoltóir 2RN, Raidió Éireann í
- Caitlín Maude, macasamhail Uí Ghráda
- Amharclann Damer 22 Meán Fómhair 1964



<http://www.rte.ie/archives/exhibitions/681-history-of-rte/682-rte-1920s/290017-mairead-ni-ghrada-woman-organiser-appointed-1927/>



Comhthéacs sóisialta an dráma



- **Cén sórt tíre í Éire aimsir an dráma seo?**
- Frithdhúnadh mór i mBaile Átha Cliath –Jim Larkin,
- Strumpet City, 1913Lockout
- Tionchar na hEaglaise Caitlicigh
- Na Tithe Tearmainn, Neachtlanna Magdalene
- Plódtithe, Tionóntáin ag titim
- Árais na ndaoine saibhre
- Bearna na n-aicmí ,tiarnaí talún v na tionóntaithe, na bochtáin
- Fuarchúis na n-uaisle
- Pobal fhimíneach, ardnósach, saibhir
- Pobal bocht, faoi mhíbhuntáiste, faoi chois



www.pdst.ie

Príomhcheist bhunúsach an dráma seo. Freagra?

Sochaí na hÉireann faoi thionchar na hEaglaise Caitlicigh?



Sochaí fhimíneach neamhchríostúil i leith an linbh thabhartha agus i leith na máthar peacúla.



www.pdst.ie

Na trí thréimhse léirithe

- Tréimhse réamhléirithe
- Tréimhse léirithe
- Tréimhse iarléirithe



www.pdst.ie

Tréimhse réamhléirithe



1. Réamhinsint ón bpictiúr ar an gclúdach
2. An **teideal**: déan plé air
3. An t-ábhar
4. Cá bhfuil an dráma suite?
5. Cén fáth a raibh Triail ann agus cé a bhí ar triail?
6. Teach cúirte, cé h-íad na carachtair a mbeifí ag súil leo i dteach cúirte.

** Is féidir comparáid a dhéanamh idir an réamhinsint agus an dráma é féin, agus dul sa seans chun plota an drama a aimsiú



Tréimhse Léirithe

- Na **teicníochtaí** speisialta is na **héifeachtaí** teicniúla drámatúla (*Féachaimid ar an bhfísiúla*)
- An tús: Garsúin nuachtán agus glór Mháire
- Croscheistiúchán
- Radhairc ghonta, briste mar a bheadh clár doiciméadach ann 30.04&42.00
- Steiréitíopaí iad na carachtair.
- Guthanna daonna go minic sa dráma
- Éifeacht an amhráin agus an cheoil
- An t-íardhearcadh



Tréimhse Iarléitheoireachta – Bileog Oibre A

- **Príomhthéamaí an dráma.**
- Cuir in ord fiúntais/tábhachta iad:
 1. Fimíneacht phobail agus sochaí na linne
 2. Dearcadh mícharthanach ar mháithreacha aonair agus ar linbh thabhartha
 3. Coimhlíntí seachtracha agus inmheánacha an duine
 4. Cumhacht agus tionchar na hEaglaise Caitlicigh ag an am
 5. Briseadh rialacha agus sárú geasa sa dráma
 6. Saontacht, soineantacht Mháire a chúisigh an tragóid
 7. Mímhacántacht na máthar agus Pádraig
 8. An Aicmíocht, an tUasaicme v an tSosaicme
 9. Easpa Críostaíochta agus cráifeacht áiféiseach
 10. Máire an duine neamhurchóideach ar a h-oilithreach tríd an saol
 11. Cladhraire agus fear gan puinn scrupall ab ea é Pádraig Mac Cárthaigh.



Meaitseáil na tréithe leis na carachtair – Bileog Oibre B

- Ardnósach
- Bréagach, bródúil
- Cabhrach, creidiúnach, ceandána, críostúil, carthanach, cruachroíoch, cladhaire, coimeádach, cráifeach, creidiúnach, cruálach, cúthaileach
- Daorbhreithiúnach, dian, dlís, diongbháilte, drúisiúil
- Fiosrach fimíneach, freagrach, fuarchúiseach
- Garbh, goilltúnach, glic
- Lag, láidir, leochaileach, leithleasach, leisciúil
- Macánta, mímhacánta, máthruil, meánaicmeach, misniúil, mífhreagrach
- Neamhscriupallach, nósghar
- Oifigiúil
- Plámásach, pointeáilte
- Scáfar, sotalach
- Támáilte, truamhéileach, trodach, teasaí
- Uafásach, umhal



Na carachtair – Bileog Oibre B (ar lean)

- Máire Ní Chathasaigh
- Pádraig Mac Cárthaigh
- Bean Uí Chathasaigh
- Seán agus Liam Ó Cathasaigh
- Áine Ní Bhreasail
- Colm Ó Sé
- Mailí, Sagart/Cléireach
- Aturnaethe 1 agus 2
- Bean Uí Chinsealaigh
- Seánín an Mhótair
- Bainisteoir na monarchan
- Bean Lóistín
- Mná oibre, Mná Sráide



Aingeal nó Diabhal ? - Bileog Oibre C



- Bean Uí Chathasaigh
- An Sagart
- Bainisteoir na Monarchan
- Bean Uí Chinsealaigh, Na Mná Áitiúla
- Seánín an Mhótair
- Aturnaie a Dó, Aturnaie an Chosantóra
- Mailí
- Nábla agus cailíní an Tigh Tearmainn
- Aturnaie a hAon, Aturnaie an Stáit
- Máthair Mháire
- Pádraig Mac Cárthaigh
- Liam Ó Cathasaigh
- Seán Ó Cathasaigh
- Áine an Bhéil Bhinn (Ní Bhreasail)
- Colm



Fíor nó Bréagach – Bileog Oibre D



1. Cailín soineanta ach ceandána, stuacach í Máire
2. Pobal críostúil cráifeach iad muintir na hÉireann ag
 - an am
3. Is dráma bréagach é seo nach mbaineann leis
 - an tír nó leis an tsochaí Éireannach ar chor ar bith
4. Duine cruachróíoch, cráifeach, deaseiteach í máthair Mháire
5. Múinteoir meánscoile agus baintreach fir é Pádraig Mac Cárthaigh
6. Triúr deartháireacha agus beirt deirfiúracha a bhí ag Máire



Fíor nó Bréagach -Bileog Oibre D(ar lean)



7. Thug an sagart maithiúnas agus aspalóid do Mháire sa bhosca faoistine
8. Beirt aturnaetha a bhí ann, duine ar son an chosantóra, an cúisí agus duine eile ar son an Stáit, an tIonchúiseamh
9. Ba striapach í Mailí a raibh cónaí uirthi i dteach an mhíchliú
10. Thréig Mailí Máire in am a gátair
11. Ábhar sagairt é Liam agus feirmeoir é Seán Ó Cathasaigh
12. Cara Liam é Colm gur fear an phoist é freisin
13. Bhí Seán Ó Cathasaigh mór le Beití de Búrca a chomharsa
14. Duine crualach é bainisteoir na monarchan nach raibh trua dá laghad aige dá fhoireann oibre
15. Mharaigh Máire a leanbh toisc gur chaillín í agus nár mhian léi í a fheiceáil mar óinsín fir



Na Carachtair

An Teach Cúirte
An Teach Scoile
Droichead in aice na scoile
An Bosca Faoistine
Cistin an tigh
Teach Uí Chinsealaigh sa Ráth Garbh
An Teach Tearmainn
An Mhonarcha
An tSráid in aice an Tigh Tearmainn.
Teach Mhailí
An caife
An Reilig
Teach Uí Chathasaigh



Máire Ní Chathasaigh
Pádraig Mac Cárthaigh, leannán Mháire
Bean Uí Chathasaigh, máthair Mháire agus na clainne
Seán agus Liam Ó Cathasaigh, deartháireacha Máire
Áine Ní Bhreasail, an tOibrí Sóisialta
Colm Ó Sé, cara Phádraig
Mailí. Sagart. Cléireach
Aturnaethe 1 agus 2
Bean Uí Chinsealaigh, fostóir Mháire
Seánín an Mhótair, fostaí an tigh tearmainn
An Mátrún
Bainisteoir na monarchan
Bean Lóistín
Mná oibre sa Teach Tearmainn
Mná Sráide / Mná áitiúla



Ceisteanna difreálaithe don rang ilchumais/measctha

Cár tharla an eachtra seo?

Ainmnigh na carachtair atá ann.

Ar baineadh leas as aon teicníocht speisialta a thug do dhúshlán/ar chuir tú suim inti.

Mioncharachtar nó príomhcharachtar atá ann/inti?

Cén teicníocht drámatúil a úsáideadh anseo?

Ar tháinig forbairt ar an ngníomhaíocht/ dráma ?

An ndeachaigh an plota chun cinn?

An bhfuil codarsnacht le feiceáil anseo? Má tá, léirigh .

Cad a fhoghlaimítear faoi shocháil na hÉireann ag an am?

Is scigcharachtar é/i seo. Carachtar áiféiseach é/i. Léirigh.



www.pdst.ie

An Chríoch : Ceisteanna?

Meabhraimis focail Éamoinn Uí Chiosáin i réamhrá leabhair a mháthar:

"Níl sa téacs seo An Triail ach an scríbhinn – rud neamhbheo atá ag fanacht le glórtha agus coirp chun é a thabhairt ar an saol. Ar aghaidh linn anois go dtí an léiriú, biodh sé sa seomra ranga, ar an stáitse nó ina thaibhse léirithe in intinn agus i samhlaíocht an léitheora."



Go raibh míle maith agaibh



www.pdst.ie

Acmhainní Teagaisc agus Foghlama



Acmhainní Teagaisc agus Foghlama don Ghaeilge
PDST

www.laoidcentre.ie/pdstpublications



www.pdst.ie
